

An Bhruiséil, 27 Meitheamh 2025
(OR. en)

10743/25

ENER 297
ENV 589

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/826 ón gCoimisiún chun sainmhíniú agus roinnt gnéithe de na coinníollacha tomhais a shoiléiriú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/2533 ón gCoimisiún i ndáil leis an modheolaíocht chun an meánchion taise deiridh a ríomh, chun páirteanna spártha agus faisnéis faoi dheisiú a shainaithint agus a fháil i measc gnéithe eile – Cinneadh gan cur i gcoinne an ghlactha (nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú)

1. Agus an beart atá beartaithe a bheith i gcomhréir le tuairim an choiste ábhartha, chuir an Coimisiún an dréachtbheart¹ thuasluaite faoi bhráid na Comhairle le go ndéanfar grinnscrúdú air i gcomhréir leis an nós imeachta in Airteagal 5a(3)(a) de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle². Tar éis don Choimisiún an dréachtbheart a thíolacadh an 23 Bealtaine 2025, beidh go dtí an 15 Lúnasa 2025 ag an gComhairle chun cinneadh a dhéanamh cur i gcoinne an ghlactha.

¹ 9433/25 + ADD 1

² Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún (IO L 184, 17.7.1999, lch. 23), arna leasú le Cinneadh 2006/512/CE (IO L 200, 22.7.2006, lch. 11).

2. Iarradh ar na toscaireachtaí aon bharúlacha maidir leis an gcomhad sin a chur isteach faoin 27 Meitheamh 2025. Níor thug na toscaireachtaí le fios go bhfuil aon chúis le cur i gcoinne an dréachtbhirt atá i gceist ar na forais a thuairiscítear i gCinneadh 1999/468/CE ón gComhairle, is é sin:
- go sáraítear na cumhachtaí cur chun feidhme dá bhforáiltear san ionstraim bhunúsach;
 - go bhfuil sé neamh-chomhoiriúnach le haidhm nó le hinneachar na hionstraime bunúsaí; nó
 - nach n-urramaítear prionsabail na coimhdeachta nó na comhréireachta.
3. Iarrtar, dá bhrí sin, go molfadh Coreper go ndearbhódh an Chomhairle nach bhfuil aon fhórais ann chun cur i gcoinne an dréachtbhirt. Ciallaíonn sé sin, mura gcuirfidh Parlaimint na hEorpa ina aghaidh, go bhféadfaidh an Coimisiún an beart atá beartaithe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5a(3)(d) de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle.
-